GX2567

/

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**

**GAILLIMH**

**DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH**

**ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH**

**SCRÚDUITHE NA BLIANA 1999 - 2000**

**SEIMEASTAR II**

**FÍS II**

**Pádraig Ó Héalaí**
**Brian Ó Donnchadha**
**Ciarán Ó Cofaigh**
**Trevor Ó Clochartaigh**

**Freagair Roinn A agus dhá cheist as Roinn B.**

**Maidir le Roinn A** : Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

**Maidir le Roinn B** : Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

**Dhá uair an chloig a cheadófar.**

## Roinn A

**Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.**

1. Cé acu seo a leanas a dtabharfaí clár fáisnéise air?
a) Cúrsaí Reatha
b) Sobalsaothar *(Docudrama)*
c) Sobaldhráma
d) Scannán gearr
e) Nuacht

2. Cé acu seo nach cabla atá ann
a) 3 pin XLR
b) BNC
c) Phono
d) 4 pin XLR
e) phono/BNC barrel

3. Cén "format' as an liosta seo a leanas nach mbaineann leis an gcóras digiteach.
a) Beta sp
b) Digi Beta
c) DVC Pro
d) Mini DV
e) DVCam

4. Cé a scríobhann an 'comhrá' i sobaldráma teilifíse
a) Stiúrthóir
b) Scéalaí scripte
c) Scríbhneoir
d) Comhairleoir scripte
e) Léiritheoir

5. Cén eifeacht speisialta físe a bhíonn in úsáid chun léarscáil a chur taobh thiar de láithreoir agus í ag deanamh réamhaisnéis na haimsire
a) Keying
b) Blue scrim
c) Super
d) DPM
e) DVE

6. Cén duine as an liosta thíos atá freagrach as an dearadh a bhaineann le scannán.
a) Stiúrthóir Ealaíne
b) Cúntóir Léirithe
c) Duine ceamara
d) Eagarthóir
e) Bainisteoir urláir

7. Cé acu seo leanas nach straitéis agallóireachta atá ann?
a) Nochtadh eolais
b) Tabhairt dúshláin
c) Comhrá
d) Ráiteas fíorasach
e) Agallamh mothaitheach

8. Tá eolas VITC stóráilte
a) Ar rian fuaime a haon
b) Ar rian fuaime a do
c) Ar rian rialathe
d) Sa rian físe
e) Ar rian chód ama

9. Cén duine as an liosta thíos gur chóir scaoileadh leo chomh luath agus is feidir i gcás taifeadadh ar agallamh 1+1.
a) Stiúrthóir
b) Cúntóir Léirithe
c) Duine ceamara
d) Eagarthóir
e) Aoí

10. Cé acu seo leanas nach straitéis ceistiúcháin é má tá tú ag cur duine faoi agallamh?
a) Fiosrú eolais
b) Soiléiriú
c) Tost
d) Machnamh
e) Treorú

11. Thosaigh an chéad chóras cód ama físe i 1967 darab anim
a) EBU
b) ON-TIME
c) VITC
d) SMPTE
e) LTC

12. Cén duine as an liosta thíos atá freagrach as logáil a dhéanamh ar na téipeanna i gcás taifeadadh ar an láthair.
a) Stiúrthóir
b) Cúntóir léirithe
c) Duine ceamara
d) Eagarthóir
e) Bainisteoir urláir

17. Cé a dhéanann na cinní faoi ghearradh ó seat amháin go seat eile i gclár theilifíse beo
a) Eagarthóir nuachta
b) Oibreoir fís teipe
c) Stiúirthóir
d) Meascóir fise
e) An t-ord reatha

18. Ag cén pointe den phróiseas léiriúcháin a ndéantar eagarthóireacht scripte.
a) Iarléiriú
b) Réamhléiriú
c) Taifeadadh/scannánú
d) Deireadh léiriú
e) Is cuma

19. I gcás criú scannán cén duine atá freagrach as an soilsiú ar an láthair.
a) Lódálaí clabaire
b) Leictreoir
c) Stiírthóir grianghrafadóireachta
d) Fócasóir
e) Cúntóir fuaime

20. I gcás léiriú stiúideo, cén duine atá ag feidhmiú mar ghuth an stiúrthóra ar an urlár.
a) Léiritheoir
b) Bainisteoir urláir
c) Leictreoir
d) Dearthóir
e) Láithreoir

## Roinn B

**Dhá cheist le freagairt. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.**

1. Déan cuir síos ar na príomhdhifríochtaí idir an próiséis léirithe do dhrámaíocht aon cheamara teilefíse agus clár faisnéise.

2. Déan cur síos ar an bpróiseas léiriúcháin atá i gceist le scéal nuachta teilifíse a clúdaigh, ó bhriseadh an scéil go craoladh an phacáista, ag tabhairt san áireamh an tuairisceóir mar léiritheoir agus eagarthóir físe.

3. Mínigh an tábhacht a bhaineann le réamhléiriú agus na fadhbanna a thagann le droch réamhléiriú a bheith déanta.

4. Ainmnigh agus déan cur síos gonta ar an sé (6) chéim atá ins an bpróiseas forbartha scripte drámaíochta.

5. Déan cur síos ar na cineálacha éagsúla cláracha fíorasacha atá ann agus léirigh na difríochtraí eatarthu.